

Tá dhá ghné i gceist leis an spórt a bhfuil aird an Aontais Eorpaigh (AE) á díriú orthu de réir a chéile: spórt proifisiúnta agus spórt mar chaitheamh aimsire. Sa dá chás, is eanáil mhór den gheilleagar é an spórt a bhfuil borradh faoi agus a chuireann go mór le fás agus le fostaíocht.

Spreagann an spórt caidreamh sóisialta, rud atá tábhachtach do dhaoine óga agus daoine aosta, fir agus mná, agus a chothaíonn folláine coirp agus intinne. Is foinse oideachais, cumarsáide, scileanna idirbheartaíochta agus ceannaireachta é chomh maith, nithe atá fíor-thábhachtach chun mná a chumhachtú.



## Cothrom na Féinne a thabhairt do chách

Is bunphrionsabal den Aontas Eorpach é an comhionannas idir mná agus fir. I gCairt na mBan agus sa Straitéis um Chomhionannas idir Mná agus Fir 2010-2015, léirigh an Coimisiún Eorpach an tiomantas chun dul i ngleic leis an mbearna idir na hinscní i réimse na cinnteoireachta agus í a dhíbirt.

Tar éis chomhdháil AE maidir le comhionannas inscne sa spórt in 2013, rinneadh an togra maidir le gníomhaíochtaí straitéiseacha ar mhaithe le comhionannas inscne sa spórt 2014-2020 a fhaomhadh. Aithnítear sa togra gur fada fós an bóthar atá amach romhainn, ach tugann na gníomhaíochtaí agus na moltaí sa togra spreagadh do chomhlachtaí rialaithe spórt agus eagraíochtaí neamhrialtasacha chun straitéisí náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun gníomhú maidir le comhionannas inscne sa spórt, le

tacaíocht ó bhearta comhleanúnacha agus praiticiúla ar leibhéal AE.


Sna conclúidí ón gComhairle maidir le comhionannas inscne sa spórt, moltar d'eagraíochtaí spóirt cothromaíocht inscne ar bhoird agus coistí feidhmiúcháin a fheabhsú, agus i réimse na bainisteoireachta agus na cóitseála chomh maith. Molann siad bacainní neamhrechtacha a chuireann cosc ar mhná poist den chineál sin a ghlacadh a bhaint (20 Bealtaine 2014).

## Constaicí

### Mná fágtha ar leataobh i réimse na cinnteoireachta

In ainneoin go bhfuil méadú ag teacht ar rannpháirtíocht na mban sa spórt de réir a chéile, tá mná faoi ghannionadaíocht i gcomhlachtaí cinnteoireachta in institiúidí spóirt ar leibhéal áitiúil, náisiúnta, Eorpach agus domhanda.

**Figiúr 1 — Céatadán na mban agus na bhfear i bpoist chinnteoireachta i gcónaidhmeanna ilchríochacha spóirt Oilimpeach san Eoraip, 2015**



Foinse: Bailíodh na sonraí ó gach ceann de na 28 gcónaidhm ilchríochach spóirt Oilimpeach san Eoraip (Bealtaine-Meitheamh 2015).

Sa tuarascáil maidir le mná i gcumhacht agus sa chinnteoireacht, a d'ullmhaigh an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) ar son Uachtaránacht Lucsamburg ar Chomhairle AE, léiríonn na sonraí gur ag mná atá 14 % de na poist chinnteoireachta, ar an meán, ar leibhéal Eorpach sna cónaidhmeanna ilchríochacha spóirt Oilimpeach san Eoraip. As na 28 gcónaidhm a bhí páirteach sa suirbhé, ní raibh ach uachtarán nó cathaoirleach ban amháin agus ochtar leasuachtarán ban as 91 ar an iomlán. Léiríonn na figiúirí sin treocht atá le feiceáil i réimsí eile cinnteoireachta: dá sinsearaí an post, is amhlaidh gur leithne an bhearna idir na hinscní.

I measc na **mBallstát**, tá líon na mban a bhfuil **post cinnteoireachta tábhachtach** acu in eagraíochtaí spóirt an-íseal i gcónaí. Ar an meán in 2015, ní raibh ach 14 % de na poist go léir ag mná, idir 3 % sa Pholainn agus 43 % sa tSualainn.

### Meastar gur club fir é an spóirt

Earnáil ina bhfuil na fir i gceannas is ea an spóirt agus is deacair dul chun cinn a dhéanamh sa réimse sin de bharr an tuiscint a bhíonn ag daoine ar fhir agus mná sa tsochaí: is minic a cheaptar go mbaineann an spóirt le tréithe “fearúla”, amhail neart agus mianach, luas, agus pearsantacht an-iomaíoch, agus achrannach fiú. Uaireanta, meastar go bhfuil mná a dhéanann spóirt “fearúil”, agus a mhalairt i gcás fear nach bhfuil suim acu sa spóirt. Tá tionchar ag steiréitíopaí inscne ní hamháin ar rannpháirtíocht na

mhan sa chinnteoireacht in eagraíochtaí spóirt, ach ar a rannpháirtíocht sa spóirt féin chomh maith.


Imríonn ról inscne traidisiúnta tionchar ar an líon uaireanta a chaitheann mná ar fhreagrachtaí cúraim, rud a théann i gcion ar an am atá fágtha chun spóirt a dhéanamh. Léiríonn innéacs comhionannais inscne EIGE go gcaitheann mná níos mó ama ar ghníomhaíochtaí cúraim, agus nach bhfuil an bhaint chéanna acu leis an saol sóisialta, amhail spóirt, cultúr, agus caitheamh aimsire.

### Tá an lámh in uachtar ag na fir i ngairm an chóitseálaí

Réimse eile ina bhfuil mná faoi ghannionadaíocht is ea an chóitseáil. Ar bhonn figiúirí ó seacht **mBallstát den Aontas Eorpach**, meastar nach mná iad ach idir 20 % agus 30 % de na cóitseálaithe spóirt go léir san Eoraip (<sup>1</sup>). Tá seans níos mó go mbeidh mná i measc na gcóitseálaithe i gcás spóirt ina bhfuil líon mór rannpháirtithe ban (e.g. an damhsa, an ghleacaíocht, scátáil fhíorach agus an eachaíocht) agus den chuid is mó, is le mná, déagóirí nó páistí a bhíonn ag dul san iomaíocht ar leibhéal áitiúil nó réigiúnach a bhíonn siad ag obair. Ina theannta sin, tá níos mó fir ná mná fostaithe i réimse an spóirt, agus léiríonn sonraí ó bhunachar sonraí staitisticí inscne EIGE gur tháinig laghdú ar líon na mban atá fostaithe sa spóirt, ach gur tháinig méadú ar líon na bhfear ar leibhéal Eorpach, ó 2012 go 2014.

(<sup>1</sup>) An Coimisiún Eorpach (2014), Comhionannas Inscne sa Spóirt: Togra le haghaidh Gníomhaíochtaí Straitéiseacha 2014-2020, Ich. 19. [http://ec.europa.eu/sport/events/2013/documents/20131203-gender/final-proposal-1802\\_en.pdf](http://ec.europa.eu/sport/events/2013/documents/20131203-gender/final-proposal-1802_en.pdf)

**Figiúr 2 — Céatadán na mban i bpoist chinnteoireachta i gcónaidhmeanna náisiúnta spóirt in AE-28, 2015**



Foinse: Bailíodh na sonraí ó na 10 gcónaidhm náisiúnta spóirt is mó le rá i ngach ceann de na 28 mBallstát (280 ar an iomlán), idir Bealtaine agus Meitheamh 2015.  
Nóta: Áirítear na poist seo a leanas: uachtarán/cathaoirleach, leas-uachtarán/leas-chathaoirleach ardstiúrthóir/ardrúnaí agus comhaltaí eile den Bhord. Chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, ní áirítear daoine ach uair amháin, fiú má tá níos mó ná post amháin acu.

## Coimeádann steiréitíopaí sna meáin mná as alt na himeartha

Tá ról tábhachtach ag na meáin chun steiréitíopaí inscne sa spórt a threisiú nó a cheistiú. I ndáiríre, tá neart fianaise ann a léiríonn go ndéanann na meáin steiréitíopáil ar bhonn inscne ar lúthchleasaithe fir agus mná, agus is minic a bhíonn gnéasú i gceist i gcás lúthchleasaithe mná. Is minic a bhíonn béim ar ghnéithe a dhéanann neamhaird de ghnóthachtálacha na mban sa spórt; leagtar béim ar bhanúlacht agus ar mhealladh gnéasach seachas neart agus scileanna.

Is mór na difríochtaí idir tuairisciú na meán ar spórt na mban agus spórt na bhfear; tugtar i bhfad níos mó airde ar an dara ceann <sup>(2)</sup>. Dúshlán eile is ea an easpa ban san iriseoireacht spóirt. Ag cluichí Oilimpeacha Londain in 2012, níor mhná iad ach 15 % de na hiriseoirí agus na grianghrafadóirí. Tá an bhearna inscne san iriseoireacht spóirt le feiceáil in eagraíochtaí na meán chomh maith, áit nach bhfuil ach aon trian de phoist shinsearacha bainistíochta ag mná <sup>(3)</sup>.

## Céard atá á dhéanamh faoi?

Tá tiomantas léirithe ag roinnt cónaidhmeanna idirnáisiúnta agus ilchríocha san Eoraip, atá freagrach as an spórt a chur chun cinn agus a fhorbairt, don chomhionannas inscne trí **chuótaí inscne** a thabhairt isteach.

In 2015, bhí cuóta inscne i bhfeidhm i naoi gcinn de na 28 gcónaidhm Eorpach le haghaidh an chomhlachta cinnteoireachta is airde (coiste feidhmiúcháin, Praesaidiam nó an bord stiúrthóirí) agus níor theip ach ar cheann amháin acu an cuóta a chomhlíonadh, i.e. ní raibh bean ar bith i bpost tábhachtach cinnteoireachta. As ceithre cinn de na 19 gcónaidhm Eorpacha eile nach raibh cuóta inscne i bhfeidhm acu, ní raibh bean ar bith sa chomhlacht cinnteoireachta is airde.

Ina theannta sin, tá coimisiún nó coiste ban i gcúig eagraíocht:

- Cónaidhm Dornálaíochta na hEorpa (EUBC)
- Aontas Taecuando na hEorpa (ETU)
- Aontas Gleacaíochta na hEorpa (UEG)
- FIBA na hEorpa
- Aontas Chumainn Sacair na hEorpa (UEFA)

Ar **leibhéal náisiúnta**, moladh spriocanna deonacha maidir le cothromaíocht inscne i struchtúir rialachais na gcónaidhmeanna spóirt nó tá siad á dtabhairt isteach i gcúig Bhallstát (DE, FR, FI, SE, UK (Sasana)).

Ach tá bearta sa bhreis ag teastáil chun comhionannas inscne sa spórt agus sa chinnteoireacht a bhaint amach.

<sup>(2)</sup> Ibid, lch. 33.

<sup>(3)</sup> Sonraí ón gcur i láthair a rinne Anthony Edgar, ceann gnóthaí meán Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha, "The Olympic Games: Meeting New Global Challenges", Oxford University Club, Oxford, "The Future of Reporting at the Olympic Games", 13-14 Lúnasa 2012.

## Cuótaí inscne i gcónaidhmeanna Eorpacha spóirt, 2015

### Cuótaí inscne sa chomhlacht cinnteoireachta is airde

Bean agus fear amháin ar a laghad

Coraíocht Dhomhanda Aontaithe na hEorpa (UWW-Eoraip)  
Cónaidhm Pionsóireachta na hEorpa (EFC)  
Cónaidhm Liathróid Láimhe na hEorpa (EHF)  
Cónaidhm Lámhaigh na hEorpa (ESC)  
Cónaidhm Thógála Meáchan na hEorpa (EWF)  
Aontas Chumainn Sacair na hEorpa (UEFA)

Beirt bhan agus beirt fhear ar a laghad

Cónaidhm Haca na hEorpa (EHF)  
FIBA na hEorpa

Triúr ban agus triúr fear ar a laghad

Aontas Trí-atlan na hEorpa (ETU)

### Cuótaí inscne le haghaidh comhairlí, coistí agus coimisiún

Cónaidhm Liathróid Láimhe na hEorpa (EHF)  
Cónaidhm Lámhaigh na hEorpa (ESC)  
Aontas Leadóg Bhoird na hEorpa (ETTU)  
Aontas Taecuando na hEorpa (ETU)  
Aontas Trí-atlan na hEorpa (ETU)



## Cad eile is féidir a dhéanamh?

### Gné na hinscne a chur san áireamh

Bealach amháin chun comhionannas inscne sa spórt a neartú is ea beartas inscne a phríomhshruthú sna príomhréimsí beartais. Is éard is príomhshruthú inscne ann ná tabhairt isteach gné an chomhionannais inscne i ngach céim den fhorbairt agus cur chun feidhme a dhéantar ar bheartas nó clár.

Chun tacú le baill foirne institiúidí de chuid AE agus le comhlachtaí rialtais chun gné na hinscne a thabhairt isteach ina gcuid oibre, lena n-áirítear i réimse an spóirt, d'fhorbair an EIGE ardán ar líne um príomhshruthú inscne, atá ar fáil don phobal trí shuíomh gréasáin EIGE.

### Bearta agus tionscnaimh dhírithé

Tá raon leathan bearta dírithe ann a bheadh ina gcabhair chun comhionannas inscne a bhaint amach agus cinnteoireacht na mban a mhéadú i saol an spóirt, amhail díospóireachtaí poiblí, oiliúint, scéimeanna meantóireachta agus beartais réamhghníomhacha a thugann spreagadh do mhná óga dul ar aghaidh leis an spórt. D'fhéadfaí tionchar na mbeart reachtaíochta agus saorálach a threisiú trí fheasacht phoiblí a mhúscailt agus ról inscne saintreoracha a chomhrac. Gné rithábhachtach chun bacainní a chuireann teorainn le rochtain na mban ar ról cheannaireachta sa spórt a dhíchur is ea steiréitíopaí inscne a dhíothú.

### Caighdeán níos airde sonraí ar leibhéal AE

Aithníodh i dtaighde de chuid EIGE gur deacair an t-athrú ar chinnteoireacht sa spórt a thomhas toisc nach bhfuil táscairí cuí ar fáil ar leibhéal AE. Cé go bhfuil sonraí



*Is rithábhachtach é steiréitíopaí inscne a dhíothú chun comhionannas inscne a neartú sa spórt agus sa chinnteoireacht.*

áirithe ann, níl sonraí imdhealaithe inscne is féidir a chur i gcomparáid idir gach Ballstát ar fáil. De bharr an easpa faisnéise cuí, ní féidir leis an lucht déanta beartais beartais a ghlacadh a léiríonn riachtanais éagsúla na mban agus na bhfear agus a spreagann rannpháirtíocht níos cothroime.

Chun cabhrú le lucht déanta beartais AE, d'fhorbair EIGE bunachar sonraí staitisticí inscne <sup>(4)</sup>, atá ar fáil don phobal trí shuíomh gréasáin EIGE. Ina theannta sin, cuireann ionad acmhainní agus doiciméadúcháin de chuid EIGE foilseacháin éagsúla faoin spórt ar fáil tríd an leabharlann ar líne. Tá na hacmhainní ar fáil i mBéarla, sa Ghearmáinis, sa tSualainnis, san Ollainnis, sa Fhraincis, sa Danmhairgis, san Iodáilis, sa Ghréigis, san Ioruaic agus sa Phortaingéilis agus is féidir iad a rochtain tríd an nasc seo: <http://eige.europa.eu/rdc>

<sup>(4)</sup> Tá sonraí maidir le "Mná agus an Spórt" ar fáil faoi "Straitéisí an AE" (Straitéis AE ar mhaithe le comhionannas idir mná agus fir 2010-2015 — Ról inscne san óige, san oideachas agus sa spórt) agus faoin "Réimse Beartais" — cultúr, oideachas agus an óige.

## An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) lárionad eolais AE maidir le comhionannas inscne. Cuireann EIGE tacaíocht ar fáil don lucht déanta beartais agus gach institiúid ábhartha lena gcuid iarrachtaí chun comhionannas idir mná agus fir a chur i bhfeidhm i saol na nEorpach ar fáil trí shaineolas agus sonraí inchomparáide agus iontaofa maidir le comhionannas inscne a chur ar fáil san Eoraip.

## Sonraí teagmhála

<http://eige.europa.eu>   
[facebook.com/eige.europa.eu](https://facebook.com/eige.europa.eu)   
[twitter.com/eurogender](https://twitter.com/eurogender)   
[youtube.com/eurogender](https://youtube.com/eurogender)   
[eige.sec@eige.europa.eu](mailto:eige.sec@eige.europa.eu)   
+370 5 215 7444 

